

CUIR I GCOMPARÁID LEIS AN ÓRÁID MAR A THUGTAR Í – CHECK AGAINST DELIVERY

COMHDHÁIL BHLIANTÚIL 2013 GAELSCOILEANNA TEORANTA AGUS EAGRAÍOCHT NA SCOILEANNA GAELTACHTA AGUS CÉILIÚRADH 40 BLIAIN GHAELSCOILEANNA TEORANTA ÓRÁID UACHTARÁIN NA HÉIREANN, MÍCHEÁL D. Ó HUIGINN ÓSTÁN JOHNSTOWN HOUSE CONTAE NA MÍ

22 SAMHAIN 2013

Is onóir mhór dom a bheith in bhur gcomhluadar ar an mBóthar Buí inniu ag Comhdháil Bhliantúil Ghaelscoileanna Teoranta agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta. Is mian liom fíorbhuíochas a ghabháil le Bláthnaid Ní Ghréacháin, Ardfeidhmeannach Ghaelscoileanna Teo agus le Mairéad Ní Chualáin, Cathaoirleach d'Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta Teoranta, as an gcuireadh le bheith in bhur dteannta ar maidin. Gabhaim mo bhuíochas libh uile as an bhfíorchaoín fáilte a chuir sibh romham.

Tá áthas ar leith orm a bheith libh chun páirt a ghlacadh i gcéiliúradh 40 bliain Ghaelscoileanna Teoranta. Is ócáid cuí í seo chun fíis agus mórsprioc bunúsach Ghaelscoileanna Teoranta a athrú, is é sin, an teanga Gaeilge a chothú trí oideachas den ardscoth a sholáthar sna scoileanna lán-Ghaeilge. Inniu tá muid ag déanamh céiliúradh ar ár gcultúr, ar an mbealach ar leith a chuirimid muid féin in iúl, in ár dteanga dhúchais.

Tréaslaím le Máirín Ní Chéileachair, Uachtarán Ghaelscoileanna Teoranta, leis an gcoiste stiúrtha agus leis na hoifigigh reatha, le hiar-uachtaráin, agus le hiarbhaill na gcoistí stiúrtha a bhí ann ó 1973, bliain bhunaidh na heagraíochta, as bhur gceannaireacht, bhur ndíograis agus bhur dtiomantas buanseasmhach don eagraíocht thar na blianta. Molaim sibh as an tacaíocht phraiticiúil a thugann sibh do scoileanna lán-Ghaeilge ar fud na tíre chun earnáil an oideachais lán-Ghaeilge a threisiú.

Is cinnte go dtabharfaidh imeachtaí na comhdhála i mbliana deis bhreise do mhúinteoirí agus d'oideachasóirí, thuaidh agus theas, atá ag múineadh trí mheán na Gaeilge, plé a dhéanamh ní hamháin ar a dtuairimí ar staid na Gaeilge sa sochaí, agus a gcuspóirí don todhchaí, ach ar nithe phraiticiúil ar nós próisis féinmheastóireachta, pleanáil teanga agus forbairt phobal scoile. Rachaidh obair agus deiseanna gréasáin na comhdhála seo go mór chun tairbhe an oideachais lán-Ghaeilge agus na mílte páiste sna blianta atá romhainn.

Mar a luaigh mé ag Coláiste Ghobnait in Inis Oírr le déanaí, is bliain thábhachtach don tír í dhá mhíle is a trí déag (2013), agus muid ag comóradh Bliain na Gaeilge agus ócáidí stairiúla ar nós tús Athbheochan na Gaeilge, bunú Chonradh na Gaeilge céad is fiche bliain ó shin ag Dubhghlas de hÍde, scoláire mór Gaeilge na linne agus céad Uachtarán na hÉireann ar ball.

Maíonn beagnach dhá mhilliún duine ar oileán na hÉireann go bhfuil Gaeilge acu sa lá atá inniu ann. Agus bhí a thuiscint féin ag Seamus Heaney ar thábhacht na Gaeilge dúinn go haonar, agus sa dioscúrsa poiblí, agus is fiú cuid dár scríobh sé ina thaobh a mheabhrú:

“Not to learn Irish is to miss the opportunity of understanding what life in this country has meant and could mean in a better future. It is to cut oneself off from ways of being at home. If we regard self-understanding, mutual understanding, imaginative enhancement, cultural diversity and a tolerant political atmosphere as desirable attainments, we should remember that a knowledge of the Irish language is an essential element in their realisation.”¹

Agus tá an-deis againne, Éireannaigh na linne seo, beatha úr a thabhairt don Ghaeilge agus í a neartú do na glúnta atá le teacht. Tá go leor cúiseanna dúinn lúchair a dhéanamh den Ghaeilge sa saol laethúil san am i láthair agus san am atá romhainn.

Tá seirbhís chraoltóireachta phoiblí Ghaeilge ann – TG4 agus Raidió na Gaeltachta – atá faoi bhláth. Tá níos mó ábhair léitheoireachta Ghaeilge ar fáil anois ná mar a bhí riamh- ár mbuíochas as sin leis an Gúm agus leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Léiríonn Daonáireamh na bliana 2011 go bhfuil borradh ann faoi láthair agus an méid suime atá ag cuid mhór den dream óg sa cheol traidisiúnta, sa rince Gaelach agus sa Ghaeilge mar theanga labhartha.

Is cúis bhróid agus dóchais tábhachtach eile í fás agus borradh as cuimse na nGaelscoileanna ar fud na tíre ó bunaíodh an eagraíocht Gaelscoileanna Teoranta i 1973, nuair nach raibh ach 11 bhunscoil lán-Ghaeilge agus 5 iar-bhunscoil lán-Ghaeilge² sa tír lasmuigh den Ghaeltacht. Sa bhliain 2013, tá sé le maíomh go bhfuil 246 bhunscoil lán-Ghaeilge agus 47 iar-bhunscoil sa tír lasmuigh den Ghaeltacht. Tá sé le maíomh freisin go bhfuil fás agus forbairt ar Ghaelscolaíocht Thuaisceart Éireann ó bunaíodh an chéad Ghaelscoil³ ansin sa tír sna naoidéag seachtóidí (1970óidí). Faoi láthair, tá 29 scoileanna lán-Ghaeilge móide aonad teanga i 10 scoil⁴ ag feidhmiú sa Tuaisceart.

Tá fás an Ghaelscolaíochta le daichead bliain anuas mar thoradh ar an éileamh ó thuismitheoirí agus ó phobail áitiúla. Gné riachtanach den fás sin is ea meon an aosa óig agus a dtuismitheoirí a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid go laethúil.

¹ Comhfhreagras (14 Eanáir 1993) Seamus Heaney chuig Gael Linn. Ar chuireadh ó Ghael Linn, cheadaigh Seamus Heaney poiblíocht a thabhairt don dearcadh seo uaidh ar thábhacht na Gaeilge mar ghné den chomhoidhreacht shaibhir atá ar fáil dúinn go léir ar an oileán seo ar mhaithe le níos mó scoileanna i dTuaisceart na hÉireann a mhealladh leis an nGaeilge a chur ar fáil ar an gcraclam mar rogha do na scoláirí, iarrachtaí a bhí ar bun ag an am.

² Na huimhreacha deimhnithe ag an Rannóg Staitistice, an Roinn Oideachais agus Scileanna, ar 14 Deireadh Fómhair, 2013

³ An chéad Ghaelscoil i dTuaisceart na hÉireann - Scoil Phobail Feirste i nGaeltacht Sheoige, an t-aon Ghaeltacht i dTuaisceart na hÉireann

⁴ Na huimhreacha deimhnithe ag an Roinn Oideachais, Tuaisceart na hÉireann, ar 11 Deireadh Fómhair, 2013

Tá fianaise láidir ann go dtacaíonn an tumoideachas le foghlaim teangacha eile. Léiríonn an taighde fairsing atá déanta gur iomaí buntáiste cognaíocha, sóisialta agus cultúrtha atá ann do pháistí sa tumoideachas agus sa dátheangachas. Is léir ón taighde go bhfuil gnóthú thar na bearta bainte amach ag an tumoideachas go hidirnáisiúnta⁵ agus i nGaelscoileanna na hÉireann⁶, ní hamháin sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, ach sa Mhatamaitic, agus san Eolaíocht chomh maith. Léiríonn obair na scoileanna lán-Ghaeilge gur féidir le páistí a bheith dátheangach laistigh de chúpla bliain nuair a thumtar sa sprioctheanga iad.

Is cúis mhór dóchais eile í go bhfuil staid reachtaíochta na Gaeilge níos láidre anois ná mar a bhí riamh. Ní hamháin go bhfuil forálacha bunreachtúla agus Acht Teanga ann don Ghaeilge, tá an Ghaeilge aitheanta ina teanga oifigiúil oibre ag an Aontas Eorpach ó 2007. Tá cuspóirí sonracha leagtha amach sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, a foilsíodh i Mí Iúil na bliana seo, chun líon na gcainteoirí Gaeilge a mhéadú go 250,000 agus líon na gcainteoirí laethúla sa Ghaeltacht a mhéadú faoi 25% thar thréimhse 20 bliain.

Glactar leis nach féidir na cuspóirí seo a bhaint amach gan phobail láidir scoileanna agus gan phobal láidir Gaeltachta. Tá tábhacht ar leith ag baint leis na Gaeltachtaí ar mhaithe le comhthéacs nádúrtha a chur ar fáil do cheartshealbhú na teanga. Tá an teanga préamhaithe i stair, i dtírdhreach agus i gcultúr áitiúil agus oidhreacht na Gaeltachta. Is iontach an ní é go bhfaigheann na mílte foghlaimeoirí Gaeilge ar fud na tíre, ábhar mhúinteoirí ina measc, deis tréimhse a chaitheamh ag foghlaim na Gaeilge sa Ghaeltacht.

Tá ról an-tábhachtach ag na scoileanna Gaeltachta cumas sa Ghaeilge a chothú agus tacú le húsáid na Gaeilge i measc phobal na Gaeltachta. Tuigim, áfach, go bhfuil go leor dúshlán roimh na scoileanna Gaeltachta maidir leis na spriocanna seo a bhaint amach. Tá stádas na teanga laistigh de na pobail áitiúla leochaileach go maith agus go minic, tá na scoileanna ag iarraidh freastal ar riachtanais pháistí ó chúlraí teanga éagsúla agus le cumais éagsúla sa Ghaeilge. Anuas ar na dúshláin seo atá ann cheana féin tá dúshlán an cóimheas nua daltaí le múinteoir.

Ba í mo theachtaireacht phearsanta do lucht labhartha na Gaeilge ag Ceann an Ché agus mé ag cur tús leis an bhféile Ghaeilge bhliana ná go bhfuil ról na Gaeilge sa lá atá inniu ann níos tábhachtaí ná riamh agus brú ag teacht ar mhionteangacha ar fud an domhain mhóir. Is dlúthchuid dár gcultúr agus dár bhféiniúlacht í an Ghaeilge. Mar Uachtarán na hÉireann, tá mé an-sásta tacú leis an obair go léir atá idir lámha ag Gaelscoileanna Teoranta agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta chun an fhianaise a spreagadh go barr feabhais – is linne an teanga agus braitheann todhchaí na teanga orainn uile.

⁵ Swain, M., & Johnson, R. K. (1997). Immersion Education: A category within Bilingual Education. In R.K. Johnson & M. Swain (Eds.), *Immersion Education: International Perspectives* (pp. 1-18). Cambridge: Cambridge University Press.

⁶ Harris, J., Forde, P., Archer, P., Nic Fhearaile, S., & O’Gorman, M. (2006). *Irish in Primary Schools: Long-Term National Trends in Achievement*. Dublin: Department of Education and Science.

Ó Duibhir, P. (2009). *The Spoken Irish of Sixth-Class Pupils in Irish Immersion Schools*. Unpublished PhD, Trinity College, Dublin.
Parsons, C., & Lyddy, F. (2009). The Sequencing of Formal Reading Instruction: Reading Development in Bilingual and English-Medium Schools in Ireland. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 12(5), 493 - 512.

Is mian liom arís fíorbhuíochas a ghabháil le lucht eagraithe na hócáide seo atá tar éis clár spéisiúil a chur ar fáil do na rannpháirtithe chun macnamh a dhéanamh ar a dtaithí, chun cleachtais teagaisc a roinnt agus chun a fíis do thodhchaí na Gaeilge a phlé.

Tuigimid go léir atá anseo an tábhacht a bhaineann le caomhnú agus le cothú na teanga Gaeilge. Tuigimid freisin an chrógacht agus an mhuinín a léiríonn tuismitheoirí agus caomhnóirí nuair a roghnaíonn siad an Ghaeilge mar chéad teanga nó mar theanga foghlama dá bpáistí. Déanann an file Nuala Ní Dhomhnaill cur síos álainn ar an chomhcheangail idir chomhfios leochaileacht na Gaeilge agus muinín ina neart sa todhchaí san dán 'Ceist na Teangan'.

"Cuirim mo dhóchas ar snámh
i mbáidín teangan
faoi mar a leagfá naíonán
i gcliabhán a bheadh fite fuaite
de dhuilleoga feileastraim
is bitíúman agus pic
bheith cuimilte lena thóin

ansan é a leagadh síos
i measc na ngiolcach
is coigeal na mban sí
le taobh na habhann,
féachaint n'fheadraís
cá dtabharfaidh an sruth é,
féachaint dála Mhaoise,
an bhfóirfidh iníon Fharoinn?"⁷

Guím bua agus treise ar imeachtaí na Comhdhála agus gach rath ar bhur saothar.

Go raibh maith agaibh.

⁷ The poem 'Ceist na Teangan / The Language Issue' was translated by Paul Muldoon and appeared in *The Irish Times* (24/11/1990), Weekend, 8 and was also published in *Éire - Ireland*, 25:3 (Fall 1990) 38-45.